


# Heipitíteas B
# Bileog Eolais d'Othair

## Cad é heipitíteas B?

Ciallaíonn heipitíteas athlasadh ar an ae. Tá go leor víris éagsúla ar cúis le heipitíteas iad, agus é heipitíteas B ceann acu.

## Cad iad na siomptóim a bhaineann le heipitíteas B?

Is iomaí duine nach mbíonn aon siomptóim ghéarhipitítis B orthu, ach má tá siad ann, nochtfar na siomptóim idir sé sheachtain agus sé mhí tar éis ionfhabhtaithe. Tugann roinnt daoine fásta faoi deara go bhfuil tinneas gearr cosúil le fliú orthu agus is féidir nach ndéantar diagnóis gur heipitíteas B atá ann. Is féidir go mbeidh siomptóim níos tromchúisí ann, amhail urlacan, pian sa bholg agus an galar buí, agus beidh cóir leighis dochtúra de dhíth sa chás sin. Go hannamh, is féidir go mbíonn géariontabhtú ann agus tarlaíonn bás dá bharr.

## Géarheipitíteas B agus heipitíteas B ainsealach

Is féidr go mbeidh heipitíteas B ina chúis le géarthinneas nó le tinneas ainsealach.

Is ionann géarthinneas agus tinneas a bhisíonn go measartha gasta, de ghnáth taobh istigh de roinnt seachtainí nó roinnt míonna ar a mhéad.

Tagann biseach iomlán ó ghéarheipitíteas ar an chuid is mó daoine fásta, taobh istigh de sé mhí de ghnáth.

Is ionann heipitíteas B ainsealach agus heipitíteas B a mhaireann níos mó ná sé mhí.  Fanann roinnt daoine a bhfuil heipitíteas B ainsealach orthu ina sláinte ach beidh galar ae fadtéarmach ar thuairim is an ceathrú cuid. Bíonn an chuid is mó acu ionfhabhtaíoch agus ní mór dóibh a oiread agus is cuí a dhéanamh le cinntiú nach dtugann siad an víreas do dhuine eile (féach thíos).

## Conas a tholgann duine heipitíteas B?

Sa tír seo, san Eoraip, agus i Meiriceá Thuaidh, téann heipitíteas B ó dhuine go duine trí ghnéas gan chosaint. Ar fud an domhain, faigheann an chuid is mó daoine heipitíteas B trí theagmháil le fuil ionfhabhtaithe, nuair a bheirtear leanaí do mháithreacha atá ionfhabhtaithe gan vacsíniú a fháil go díreach tar éis a mbreithe.

**Gnéas**
Is féidir heipitíteas B a chur ar aghaidh le linn ghnéis gan chosaint le duine atá ionfhabhtaithe. Má tá imní ort faoi ghalar ghnéas-tachurtha, is féidir comhairle rúnda a fháil ó na clinicí Sláinte Ghnéis/ Leigheas Úraiginitiúil (GUM) atá liostaithe ag cúl na bileoige seo.

**Fuil**
Is féidir le méid beag bídeach fola ó dhuine a bhfuil an víreas air/uirthi, ionfhabhtú a chur ar aghaidh chuig duine éigin eile má fhaigheann sé isteach i sruth fola an duine sin. Féadann é seo tarlú trí:

- Teagmháil le cneá oscailte, gearradh nó scríob.
- Snáthaid nó uirlis ghéar eile atá fabhtaithe. Tá daoine a dhéanann drugaí a instealladh agus uirlisí insteallta a roinnt i gcontúirt mhór. Is féidir le tatuáil, polladh agus snáthaidpholladh a bheith ina rioscaí nuair nach n-úsáidtear uirlisí steirilithe.
- Cóir leighis agus cóir fiacla i dtíortha nach mbíonn uirlisí steirilithe mar is ceart iontu.
- Anois déantar gach deonú fola sa RA a scagthástáil le haghaidh heipitítis B, ach roimhe sin d'fhéadtaí ionfhabhtú a fháil trí fhuil nó táirgí fola a fháil ó dhuine ionfhabhtaithe. I dtíortha nach ndéantar scagthástáil fola iontu, d'fhéadfadh fuilaistrithe go fóill a bheith ina gcúiseanna ionfhabhtaithe.

**Máthair go leanbh**
Is féidir le máithreacha atá ionfhabhtaithe an víreas a chur ar aghaidh chuig a bpáistí ag uair a mbreithe, ach déanann vacsaíniú na leanaí sin tráth a mbreithe an chuid is mó d'ionfhabhtaithe a sheachaint.

## Cad é mar is féidir liom daoine eile a chosaint má tá heipitíteas B orm?

- Ná bain úsáid as scuab fiacla, rásúr ná siosúr nó nithe pearsanta duine eile agus ná lig dóibh úsáid a bhaint as do chuidse.
- Má bhíonn gnéas agat, abair le do pháirtnéir(í) a chinntiú go bhfuair siad vacsaíniú agus bain úsáid as coiscín le go mbeidh gnéas níos sláintiúla agat.
- Déan gearrthacha, scríobthaí agus cneácha oscailte a ghlanadh agus a chlúdach go cúramach, le plástar uiscedhíonach.
- Glan fuil ó urláir agus ó chuntair oibre le le tuarthóir neamhchaolaithe tí.
- Ná deonaigh fuil nó seamhan agus ná cláraigh mar dheontóir orgáin.

## Cóireáil

Tá go leor daoine ann a bhfuil géarheipitíteas orthu nach bhfuil cóireáil de dhíth orthu mar ní tharlaíonn damáiste ae fadtéarmach dóibh. Is féidir go mothóidh siad níos tuirsí agus go mbeidh gá dóibh sos a thógáil. Ba chóir tástáil fola a dhéanamh sé mhí tar éis diagnóise le seiceáil an bhfuil an víreas glanta. Go dtí sin ba chóir duit an chomhairle faoi dhaoine eile a chosaint ó ionfhabhtú a leanúint.

Ní mór go ndéanfaidh speisialtóir maidir le galair ae tástáil rialta ar dhaoine a bhfuil heipitíteas B ainsealach orthu le seiceáil an bhfuil aon damáiste ae ann. Is féidir go mbeidh tástáil dar teideal fibroscan i

gceist sa chás sin. D'fhéadfadh fosta go mbainfidh daoine a bhfuil heipitíteas B ainsealach orthu tairbhe as drugaí frith-víreasacha.

**Moltar vacsaíniú in éadan heipitítis A, an fhliú bhliantúil agus ionfhabhtaithe niúmacocúla.**

## Teaghlach agus cairde

Ba chóir vacsaíniú a dhéanamh ar pháirtnéirí gnéis, páistí agus baill tí eile dhuine a bhfuil géarheipitíteas B nó heipitíteas B ainsealach air/uirthi. Ba chóir vacsaíniú a dhéanamh ar aon dhuine lena roinneadh snáthaidí. Ba chóir fosta iad a thástáil le seiceáil an bhfuil heipitíteas B orthu cheana féin. Is féidir comhairle faoi na dlúth-theagmhálacha sin a fháil ó do dhochtúir teaghlaigh.

Níl aon riosca ionfhabhtaithe ann ó ghnáththeagmháil shóisialta agus mar sin de ní gá go ndéantar vacsaíniú ar chuairteoirí, cairde agus comhghleacaithe oibre. Mar shampla, ní féidir heipitíteas B a fháil de thoradh lámha a chroitheadh nó barróg a thabhairt do dhuine atá ionfhaobhtaithe, nó ó shuíochán leithris. Is féidir soithí agus sceanra a d'úsáid duine a bhfuil heipitíteas B air/uirthi a ní in uisce te sobalach nó i miasniteoir mar is gnách. Ba chóir aon fhuil a ghlanadh láithreach mar a mhínítear thuas.

## Vacsaín Heipitíteas B

Déantar an vacsaín a instealladh le trí dháileog ar leith. In amanna bíonn gá le teanndáileoga sa bhreis. Tá sé tábhachtach an cúrsa a chríochnú. Is féidir tástáil fola a dhéanamh ag an am céanna.

## Eolas agus Taca

Má tá aon cheist agat, is féidir leat labhairt le do dhochtúir nó banaltra teaghlaigh.

Soláthraítear comhairle rúnda i gclinicí Sláinte Ghnéis/Leigheas Úraiginitiúla (GUM). Le huaireanta oibre agus mionsonraí teagmhála do chlinic sláinte ghnéis/GUM a aimsiú, tabhair cuairt ar www.sexualhealthni.info/home

Soláthraíonn Líonra Clinice Bainistithe Heipitíteas B agus C Thuaisceart Éireann eolas faoi heipitíteas B agus C
www.hepbandcni.net

Tairgeann Grúpa Tacaíochta Ae an RVH taca dóibh siúd i dTuaisceart Éireann a bhfuil galar ae orthu agus is grúpa neamhspléach é atá ina bhall den British Liver Trust
www.rvhliversupportgroup.org

Soláthraíonn an British Liver Trust eolas faoi gach cineál ghalair ae.
Líne Chabhrach: 0800 652 7330 (10.00am-3.00pm, Luan-Aoine)
www.britishlivertrust.org.uk

Banaltraí clinice speisialaithe (heipiteolaíocht)
Teil: 07788 883457/07712 506350

Tá an bileog eolais seo fosta ar fáil i dteangacha eile i bhfoirm PDF ag:

www.publichealth.hscni.net

Public Health Agency, 12–22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.

Tel: 0300 555 0114 (ráta áitiúil). www.publichealth.hscni.net

Hepatitis B factsheet for patients - Irish

04/18